TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2011





THE INCORPORATED ORTHOPAEDIC HOSPITAL OF IRELAND

www.ioh.ie

OSPIDÉAL

CÚLRA

Bhí an tOspidéal Ortaipéideach agus íoclann bunaithe ar dtús sa bhliain 1876 ag an Dr. Robert Lafayette Swan. Bhí sé suite ag 11 Oileán Uiséir ar Chéanna Bhaile Átha Cliath.

Rinneadh speisialú ann i máinliacht ortaipéideach, go háirithe cóireáil páistí a raibh éalanga ortaipéideacha coirp ó bhroinn orthu, amhail cam reilige agus cromáin as alt. Ó ba rud é go raibh éilimh mhéadaitheacha ar an tseirbhís, bogadh an t-ospidéal sa bhliain 1883 go dtí dhá fhoirgneamh ar Shráid Mhór Brunswick, áit ar tugadh 'Hoods' Hotel' air tráth den saol, agus méadaíodh an líon leapacha a bhí ann ó 6 cinn go 35 leapa phéidiatraiceach.

Bogadh an t-ospidéal go dtí teach ag 22 Sráid Mhuirfean Uachtarach i 1902, áit a raibh ceann de na maintithe príobháideacha is mó i mBaile Átha Cliath ag an am, ina mbíodh cónaí ar an gCaptaen Sheddon. Bhí gá le hathchóiriú mór a dhéanamh air ionas go mbeadh feidhm ospidéil ag an bhfoirgneamh, ina mbeadh obrádlann, seomra steiriliúcháin, seomra ainéistéisigh agus áiseanna leighis agus neamhleighis nua-aimseartha araon. Bhí an t-ospidéal in ann freastal do 75 othar cónaitheach péidiatraiceach nuair a bhí sé oiriúnaithe.

Bogadh an t-ospidéal go dtí an áit a bhfuil sé anois ar Ascaill an Chaisleáin, Cluain Tarbh, ar 29 Meitheamh 1942, áit ar méadaíodh líon na leapacha go 120. Athraíodh an t-ospidéal i 1972 ó ortaipéidic phéidiatraiceach go hathshlánú ortaipéideach daoine fásta agus bhí líon 104 leaba ann. Ceapadh pleananna ag tús na 1990idí chun na bardaí a bhogadh ón bpríomhtheach go dtí áis ospidéil úrscothach. Críochnaíodh foirgneamh an ospidéil nua i 2009.

Tá cúig bharda san ospidéal anois, ina bhfuil líon iomlán 160 leapa agus tá 128 de na leapacha sin in úsáid faoi láthair. Tá bealach isteach an ospidéil suite i bPáirc an Fhraoigh Dhuibh anois, gar d'Ascaill an Chaisleáin, agus téitear tríd isteach i ngairdíní tírdhreachtaithe go dtí bealach isteach ospidéil atá mór agus oscailte. Déanann lucht an ospidéil speisialú go fóill san athshlánú ortaipéideach, ach soláthraíonn siad seirbhís leapacha faoisimh do na pobail áitiúla chomh maith. Leithdháiltear leapacha chomh maith ar ospidéil Mater Miseracordæ agus Beaumont, mar leapacha athshlánúcháin cúraim eatramhaigh.

Ráiteas Misin

Is é an misean atá againn ná ardchaighdeán cúraim agus cóireála a sholáthar do na hothair go léir a bhíonn á n-atreorú chuig an ospidéal, le cur ar a gcumas an caighdeán sláinte agus maireachtála neamhspleáiche is fearr a bhaint amach

CLÁR NA NÁBHAR

Bord na nGobharnóirí	2
Tuarascáil an Chathaoirligh	3
Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh	4
Tuarascáil an Stiúrthóra Altranais	7
Tuarascáil na Rannóige Cógaisíochta	10
Tuarascáil na Rannóige Fisiteiripe	11
Tuarascáil na Rannóige Lónadóireachta	14
Tuarascáil na Rannóige Seirbhísí Ginearálta	14
Tuarascáil na Rannóige Oibre Sóisialta	15
Tuarascáil Leantach na Rannóige Oibre Sóisialta	16
Tuarascáil na Rannóige Teiripe Shaothair	18
Tuarascáil na Rannóige X-Ghathaithe	20
Tuarascáil na Rannóige Seirbhísí Leighis	20
Aguisín 1 // Tuarascálacha Staidrimh	22
Tuarascáil Neamhspleách na nIniúchóirí	24
Aguisín 2 // Tuarascálacha Airgeadais	26

2 BORD NA NGOBHARNÓIRÍ

Ospidéal Corpraithe Ortaipéideach na hÉireann

An tUachtarán
An Dr. F. J. O'Reilly

Bord na nGobharnóirí - 2011

Cathaoirleach
An Dr. Ciarán Craven

An Leas-Chathaoirleach
An tUas. Charlie Scott

Comhaltaí
An tUas. Mary Barnard
An tUas. Ann Power
An tUas. John Rowden
An tUas. Les Sibbald
An tUas. Elma Sweetman
An tUas. Rosemary Tierney
An tUas. Brian Thornes
An tUas. Denise Brett
An tUas. Marcella Higgins
An tUas. Terence Horgan
An tUas. T.C. Smyth
An tUas. J. Cantwell

An Fhoireann Shinsearach Ospidéil

An Príomhfheidhmeannach
An tUas. Michelle Fanning

An Stiúrthóir Altranais
An tUas. Lorna Nangle

Stiúrthóirí Cúnta Altranais
An tUas. Noreen Browne

Airgeadas/Riarachán
An tUas. Bernie Saunders

An Bainisteoir Fisiteiripe
An tUas. Gráinne O'Hara

An tOibrí Sóisialta Sinsearach
An tUas. Imelda Morris
An tUas. Carol O'Connor

Raideolaí
An Dr. Martina Morrin

Radagrafaí Sinsearach
An tUas. Gillian Rice

Cógaiseoir Sinsearach
An tUas. Linda Murnane

Teiripeoir Saothair Sinsearach
An tUas. Frank D'Easaille
An tUas. Aileen Murray

An tOifigeach Lónadóireachta:
An tUas. Marie O'Gorman

An tOifigeach Seirbhísí Ginearálta
An tUas. Jorge Pereira

Lianna Cuartaíochta
An Dr. Elisabeth Kronlage
An Dr. Ailish Leavy

Séiplínigh
An tOir. M. Hastings
An tOir. Derek Sargent
An tOir. Conrad Hicks

Cúram Tréadach
An tUas. Cathal O'Sullivan go dtí Samhain 2011
An tUas. Miriam Moylan

TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH

Is é an cur síos is dearfaí a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bhliain 2011 san ospidéal ná a rá go raibh sí "dúshlánach", agus is dócha gur cur síos é sin a bhainfeadh leis na Seirbhísí Sláinte go léir sa Stát, cé gur seanchaite an ráiteas é sin. Ba bheag am a bhí ar fáil chun na hathruithe riachtanacha buiséid a dhéanamh nuair a rinneadh ciorrú domhain tobann gan fógairt ar an maoiniú a leithdháiltear ar an Ospidéal tar éis trí ráithe den bhliain, agus bhí an buiséad agus na pleananna caiteachais le haghaidh an Ospidéil bunaithe ar an maoiniú a comhaontaíodh mar thoradh ar idirbheartaíocht sa chuid luath den bhliain.

In ainneoin na caoi tobainne gan choinne inar baineadh an maoiniú ón ospidéal, d'éirigh leis deireadh na bliana a bhaint amach gan ach sárú beag a dhéanamh ar an mbuiséad, a bhuíochas sin ar scil agus stuamacht lucht bainistíochta feidhmiúcháin. Bhí costas i gceist, áfach – cur siar na forbartha pleanáilte i roinnt réimsí éagsúla. Is cinnte go leanfaidh deacrachtaí 2011 ar aghaidh go dtí 2012 sa chás atá ann faoi láthair agus is dócha go mbeidh tionchar mór acu ar an Ospidéal i rith na bliana sin chomh maith.

Ní raibh aon athrú ar chomhdhéanamh chomhaltaí an Bhoird Gobharnóirí i rith na bliana, agus tá fíorbhuíochas ag dul do na Gobharnóirí go léir as a ndílseacht agus tiomantas gan staonadh don Ospidéal agus dá oibriú agus forbairt.

Athraíodh ainm an Ospidéil in Iúil 2011 go hOspidéal Chluain Tarbh, ar mhaithe le próifíl athraitheach na n-othar atá á nglacadh isteach a léiriú. Cé go bhfuiltear ag díriú go mór go fóill ar athshlánú agus cúram othar ortaipéideach, le hoscailt na leapacha cúraim eatramhaigh, is ionann cuid mhaith de líon na n-othar san ospidéal anois agus líon mór othar neamh-ortaipéideach ar an bhfuil réimse riochtaí sláinte casta, agus iad atreoraithe ó ospidéil eile. Is ábhar sásaimh é a thuairisciú agus a thabhairt faoi deara go bhfuiltear ag freastal go rathúil ar a riachtanais shonracha agus fadréimseacha.

Sa chuid dheireanach de 2011, choimisiúnaigh an tOspidéal athbhreithniú neamhspleách ar a struchtúir rialachais, ar mhaithe le cloí leis an gcleachtas is fearr sa rialachas corparáideach, cloí le riachtanais rialaitheacha, bainistíocht riosca agus soláthar cúraim ar ardchaighdeán a chinntiú. Leanfar den phlé agus de chur i bhfeidhm mholtaí thuarascáil an athbhreithnithe i rith 2012, agus tá sé i gceist forfheidhmiú iomlán a dhéanamh taobh istigh de thréimhse de thuairim is 18 - 24 mí.

In ainneoin na ndeacrachtaí a bhí acu i rith 2011, lean lucht an Ospidéil, agus an tUas. Michell Fanning, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, i gceannas orthu, lean siad dá ndícheall a dhéanamh le cinntiú go soláthraítear na caighdeáin is airde de chúram agus cóireáil do na hothair go léir, rud a bhí le feiceáil i dtuairiscí sástachta na n-othar, gan ach sárú beag a dhéanamh ar leibhéal an bhuiséid. Rinneadh é seo trí thiomantas na foirne agus trí thiomáint agus coinsiasacht lucht bainistíochta feidhmiúcháin. Ní hamháin gur gá iad a aithint go sainráite as seo, a n-iarrachtaí agus a dtorthaí, ach ní mór don Bhord buíochas ó chroí a ghabháil leo chomh maith. Is comhartha dóchais le haghaidh na mblianta amach anseo iad a dtiomantas agus a ndílseacht, chomh maith le tacaíocht leanúnach an Bhoird, in am an ghátair.

An Dr. Ciarán Craven
Cathaoirleach an Bhoird

TUARASCÁIL AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Bhí an t-ospidéal in ann seirbhísí a choinneáil agus cloí go dlúth leis an leithdháileadh buiséid i rith 2011, in ainneoin an mhoratóra ar earcaíocht agus ciorruithe leanúnacha buiséid. I gcomhréir le ráiteas misin agus príomhluachanna an ospidéil, d'éirigh leis an ospidéal an caighdeán cúraim is airde a sholáthar do na hothair go léir.

SEIRBHÍSÍ ATHSHLÁNÚCHÁIN

Chiallaigh an méadú ar líon na leapacha athshlánúcháin meathghéire atá ar fáil in Ospidéal Chluain Tarbh i rith 2011 go raibh teacht níos mó ag seanóirí ar sheirbhísí athshlánúcháin. D'éascaigh sé seo pleananna FSS le haghaidh seanóirí ar mhaithe le hothair a scaoileadh abhaile agus a neamhspleáchas a choinneáil ar feadh an oiread ama agus is féidir. Is féidir ráta ratha an ospidéil i soláthar torthaí dearfacha trí chláir athshlánúcháin a thomhas, le céatadán íseal (1.4%) na n-othar athshlánúcháin theipthe a d'fhill ar na seirbhísí géarmhíochaine i rith 2011.

GNÍOMHAÍOCHT AIRGEADAIS

Bhí díomá ar lucht an ospidéil nuair a rinneadh ciorrú ar an maoiniú bliantúil agus nuair a tarraingíodh cistí siar go déanach i mí Dheireadh Fómhair. Gabhaimid buíochas mór leis an Uas. Bernadette Saunders, an tOifigeach Airgeadais, as bainistíocht ghéarchúiseach a dhéanamh ar airgeadas an ospidéil agus a chinntiú go bhféadfaí cloí go réasúnta dlúth leis an mbuiséad faoi dheireadh na bliana. Tá buíochas ag dul chomh maith do na Cinn Rannóige, dream ar éirigh leo coigilteas a dhéanamh trí bhainistíocht éifeachtúil a rannóg. (An Tuarascáil Airgeadais, Aguisín 2)

SEIRBHÍSÍ CLINICIÚLA

Bhí 2,241 othar isteach agus 2,229 othar a scaoileadh amach i rith 2011, chomh maith le leibhéal foriomlán áitíochta 93%. Bhí an fad meánach fanachta tar éis laghdú go 19.6 lá. B'ionann na hothair isteach agus 1,199 othar athshlánúcháin ortaipéidigh, 967 Othar Cúraim Eatramhaigh agus 75 Othar Faoisimh (Tuarascáil Gníomhaíochta, Aguisín 1).

CÁILÍOCHT AGUS RIOSCA

Tá tiomantas an ospidéil do na hothair mar chroílár sholáthar ár seirbhíse go fóill. I gcomhréir leis na Caighdeáin Náisiúnta um chúram sláinte atá Níos Fearr agus Níos Sábháilte, dhírigh an t-ospidéal ar sholáthar seirbhís ardchaighdeáin atá sábháilte agus shínigh siad an tionscnamh um Shábháilteacht Othar Chun Tosaigh.

Leanann an t-ospidéal den chleachtas is fearr a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm, i gcomhréir leis an Acht um Shláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair, 2005. Díríodh aird ar leith i rith 2011 ar nuashonrú agus oiliúint ar nósanna imeachta sábháilteachta dóiteáin agus aslonnaithe, agus cuireadh oiliúint ar fáil ar bhainistíocht iompraíochta ionsaithí agus foréigní.

Bhí cosc agus rialú ar ionfhabhtú ina gcuid thábhachtach de chóras riosca an ospidéil go fóill agus rinne an Rannóg Altranais agus an Coiste um Rialú ar Ionfhabhtú agus Sláinteachas Ospidéil monatóireacht dhlúth orthu sin. Rinneadh iniúchtaí rialta sláinteachais agus leanadh de nósanna imeachta faireachais faoi mhaoirseacht an Bhainisteora Altranais um Rialú ar Ionfhabhtú, an tUas. Susan McGovern.

Thuairiscigh an t-iniúchadh ar Earraí Dáinséaracha leibhéal ard cloí agus tiomantais i measc na foirne san ospidéal, agus rinneadh gníomh ceartaitheach maidir leis na breathnuithe a cuireadh in iúl.

FUINNEAMH

Ní mór don ospidéal cloí le spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh mar ghníomhaireacht a fhaigheann maoiniú poiblí. Bunaíodh Foireann Fuinnimh i rith 2011 chun modhanna a fhiosrú le laghdú a dhéanamh ar chaitheamh agus costais fuinnimh. Tá tús á chur le pleananna chun feasacht ar fhuinneamh a mhúscailt i measc na foirne agus le dul i ngleic le córais fuinnimh dhiomailteacha, agus táimid ag súil leis na feabhsuithe ar éifeachtúlacht agus costais fuinnimh a fheiceáil i rith na bliana amach romhainn. Fuair an t-ospidéal rátáil C3 ar a Dheimhniú Fuinnimh Taispeána.

RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Agus aird acu ar a ndualgais, rinne Bord Gobharnóirí an ospidéil athbhreithniú ar na struchtúir rialachais chorparáidigh ar fud na heagraíochta. Cinnteoidh tabhairt isteach struchtúr agus próiseas nua go mbeidh an Bord, an Feidhmeannas agus an fhoireann (pé áit ar bainteach) ag dul i mbun a ndualgas de réir na gcaighdeán cuntasachta, freagrachta agus cuibhis is airde. Gabhaimid buíochas ó chroí leis an mBord as an ngá le socruithe rialachais chorparáidigh atá láidir, solúbtha agus inoiriúnaithe a aithint, rudaí a chumasóidh an t-ospidéal le freastal go hiomlán do na dúshláin agus na hathruithe atá á lua cheana i gcóras cúram sláinte na hÉireann.

Agus iad feasach ar phróifíl athshlánúcháin mhéadaitheach na n-othar taobh istigh den ospidéal, bhraith an Bord Gobharnóirí gur thráthúil an t-am é le hainm nua gnó a thabhairt ar an ospidéal, agus cuireadh tús le hoibriú Ospidéal Chluain Tarbh ar 29 Iúil 2011.

BUÍOCHAS

Gabhaimid buíochas ó chroí le foireann uile an ospidéil as a dtiomantas agus a n-obair dhian i rith 2011. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom an obair a bhí déanta ag ár saorálaithe go léir a aithint agus a rá go bhfuilimid thar a bheith buíoch díobh.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Bord an Ospidéil, dream a thug a gcuid ama agus scileanna go deonach chun leas an ospidéil. Gabhaimid buíochas ó chroí leo as a dtacaíocht agus a gcomhairle i rith na bliana chomh maith.

FOCAL SCOIR

Ag am scríofa na tuarascála seo, tá béim curtha ag an Uas. James O'Reilly, an tAire Sláinte agus Leanaí, ar réimse tearcfhorbartha an chúraim idirmheánaigh agus tá seirbhísí athshlánúcháin meathghéire aitheanta aige mar eilimint ríthábhachtach de chonair an chúraim do sheanóirí. Cuireann athshlánú rathúil ar chumas seanóirí filleadh ar an mbaile tar éis dóibh a bheith san ospidéal agus a bheith ag maireachtáil go neamhspleách ar feadh an oiread ama agus is féidir, fad is a laghdaítear na héilimh ar sheirbhísí cúram géarmhíochaine agus fadtéarmach. Cé go bhfuil tréimhse dhúshlánach romhainn, táthar ag súil leis go mbeidh deis ag Ospidéal Chluain Tarbh seirbhísí athshlánúcháin a shíneadh, chun an líon iomlán 160 leapa a chuimsiú agus cabhrú le cuspóirí an bheartais reatha ar chúram sláinte do sheanóirí a bhaint amach.

Michelle Fanning
An Príomhfheidhmeannach

Cnuasach pictiúr ó laethanta i Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair 2011. An lá a thug an Rannóg Oibre Sóisialta Corn Mhig Uidhir go dtí an tOspidéal, Lá "Friends of the Elderly" agus an Lá Tiomsaithe Airgid um Fheasacht ar Ailse Chíche. Bhain na hothair agus foireann an ospidéil sárthaitneamh as na trí ócáid sin go léir. Tiomsaíodh €2.600 lena linn agus bronnadh an t-airgead sin ar Chumann Ailse na hÉireann in ainm an Uasail Maria O'Connor.

Ba bhliain an-dúshlánach í 2011 mar thoradh ar an gcúlú eacnamaíoch náisiúnta agus na srianta buiséid a bhí mar thoradh air sin. Ina ainneoin seo, ba bhliain ghnóthach í san ospidéal agus 2,241 othar isteach i gceist; méadú 17.4% i gcomparáid le 2010 agus bhí leibhéal meánach áitíochta 93% i gceist.

Ceapadh an tUas. Michelle Fanning ina Príomhfheidhmeannach Gníomhach ar 1 Eanáir 2011. Chiallaigh sé seo go raibh folúntas i Riarachán Altranais nárbh fhéidir a líonadh. Chruthaigh sé seo folús ba chúis le cuid mhaith deacrachtaí i rith na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe sinsearacha altranais, go háirithe an tUas. Noreen Browne, agus leis na bainisteoirí altranais chliniciúil as a dtacaíocht agus a solúbthacht le bliain anuas.

Dul ar scor

Chuaigh triúr baill foirne fadseirbhíse ar scor i rith 2011; Marie Harte CNM2 agus na hAltraí Foirne Ann O'Donovan agus Agnes Watson. Is mian leis an Rannóg Altranais cuid mhaith blianta sona scoir atá gníomhach agus sláintiúil a ghuí orthu.

Oideachas Leanúnach

Leanadh d'oideachas inseirbhíse trí oiliúint ar athbheochan chardascamhógach, láimhsiú agus sábháilteacht ó dhóiteán.

Táimid an-bhuíoch den Ionad Oideachas Altranais, Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae, as oideachas agus oiliúint a sholáthar dár bhfoireann altranais ar fhéithpholladh agus cannúlú infhéitheach, agus ar chothú GIT (PEG) agus athchur tiúb gastrastóime. Tá buíochas ag dul chomh maith don Uasal Mary Day, an Stiúrthóir Altranais, as na cúrsaí seo a éascú.

Ar na laethanta staidéir, ceardlanna agus seimineáir eile ar freastalaíodh orthu i rith na bliana, bhí:

- Cúrsa Teagascaithe
- Comhdháil Náisiúnta na nAltraí Ortaipéideacha
- Cúram Stóma
- Cúram Cneácha
- Rialachas Cliniciúil le haghaidh Lucht Meán-Bhainistíochta
- Mí-úsáid Seanóirí
- Cosc agus Bainistíocht Forrántachta agus Foréigin san Áit Oibre
- Cruinniú Eolaíoch SAM (MRSA)
- Cruinniú Mullaigh Eorpach ar Bhithsháibháilteacht

Tá comhghairdeas ag dul do na baill foirne seo a leanas ar éirigh go maith leo ina gcuid staidéir i rith 2011:

- Marie Gilligan – Teastas i gCleachtas agus Cuntasacht Ghairmiúil a Chinntiú
- Ann Macken – Teastas i gCleachtas agus Cuntasacht Ghairmiúil a Chinntiú
- Kathy Breslin - Teastas i dTacaíocht Cúram Sláinte (FETAC)
- Catherine Gribbin - Teastas i dTacaíocht Cúram Sláinte (FETAC)
- Monika Kawecka - Teastas i dTacaíocht Cúram Sláinte (FETAC)

Cosc agus Rialú Ionfhabhtuithe

Cuimsíonn obair an Rialaithe ar Ionfhabhtú CNM 2 faireachas, oideachas, iniúchóireacht, bainistíocht ráigeanna, bainistíocht cásanna, taighde agus forbairt beartas agus treoirlínte.

Tá faireachas ar Staphylococcus Aureus Meiticillinfhriotaíoch (SAM/MSRA) á dhéanamh ar na hothair ó na hOspidéil Teagaisc Acadúil i mBaile Átha Cliath. Ba é an ráta leitheadúlachta coilínithe ná 6%; méadú ó 5% i rith 2010. Tá faireachas ar Enterobacteriaceae atá

frithsheasmhach in aghaidh Carbaipeineime (EFC/CRE) ar siúl ó Iúil 2011 ar na hothair a tugadh isteach ó shuíomhanna cúram sláinte Éireannacha a bhí ag tuairisciú cásanna de EFC. Tá an faireachas seo á mholadh sa Straitéis um Rialú na Frithsheasmhachta Frithmhiocróbaí in Éirinn (SFFÉ). Ní raibh EFC/CRE ar leithlis i rith 2011. Anuas air sin, ní raibh aon ráigeanna Noraivíris ná Clostridium Difficile.

Leantar den oideachas a dhíriú ar shláinteachas lámh i measc na n-oibrithe cúram sláinte go léir.

Teagmháil le hOspidéil Atreoraithe

Leanadh de theagmháil dhlúth lenár gcomhghleacaithe sna hospidéil atreoraithe agus scaipeadh staidreamh ina measc go leathbhliantúil

- Líon na n-othar a glacadh isteach ó gach ospidéal
- Líon na n-othar a fhilleann ar gach ospidéal le haghaidh coinní othar seachtrach
- An líon uaireanta a dhéanann an cláraitheoir ortaipéideach ó gach ospidéal cuairteanna barda san ospidéal

Tá cuairteanna seachtainiúla a bhíonn á dtabhairt ag cláraitheoirí ríthábhachtach, ós rud é go soláthraíonn siad measúnú leanúnach ar na hothair agus go dtairgeann siad tacaíocht leighis don fhoireann ildhisciplíneach. Íoslaghdaíonn athbhreithniú rialta ar an láthair an gá atá lenár n-othair a bheith ag filleadh ar chlinicí othar seachtrach sna hospidéil ghéarmhíochaine atá thar a bheith gnóthach. Ar an drochuair, tugann na cláraitheoirí idir 32 agus 44 cuairt ar an ospidéal in aghaidh na bliana, agus d'fhill 470 othar ar a n-ospidéil atreoraithe le haghaidh coinní othar seachtrach i rith 2011 mar thoradh air sin.

Ar an 2,241 othar a glacadh isteach in Ospidéal Chluain Tarbh i rith 2011, ba ghá 273 (12.18%) acu a aistriú ar ais go dtí Rannóg Éigeandála an ospidéil atreoraithe. Ba mhéadú é seo ó 10.2% i rith 2010. Níor mhór do thromlach mór na n-othar seo (91.2%) dul ar ais go dtí an t-ospidéal géarmhíochaine. Léiríonn Tábla 1 miondealú na n-uimhreacha seo:

Tábla 1

Líon iomlán na n-othar a d'fhill ar ospidéil ghéarmhíochaine	Athbhreithnithe sa Rannóg Éigeandála agus curtha ar ais go dtí Cluain Tarbh	Gá le filleadh ar ais le haghaidh cóireáil leighis	Gá le filleadh ar ais le haghaidh cúram fadtéarmach
273	24	217	32
	8.79%	79.48%	11.72%

Leapacha Cúraim Eatramhaigh

Tá an tseirbhís seo dírithe ar na hothair sin a bhfuil an tréimhse ghéarmhíochaine dá gcóireáil críochnaithe agus atá **deimhnithe a bheith ábalta de réir leighis le bheith scaoilte amach ón ospidéal géarmhíochaine**.

Aistríodh iomlán 1,003 othar cúraim eatramhaigh ó Ospidéil Beaumont, Uí Chonghaile agus Mater i rith na bliana. Léiríonn Tábla 2 líon na n-othar isteach ó gach ospidéal, an ráta athghlactha sna hospidéil atreoraithe le haghaidh idirghabháil leighis agus fad meánach an fhanachta.

Tábla 2

Ospidéal	Líon na n-othar isteach	Ráta athghlactha	Fad meánach fanachta
Mater	512	12.1%	15.9 lá
Beaumont	481	16.6%	16.8 lá
Uí Chonghaile	10	40%	21.5 lá

Tháinig méadú mór ar na rátaí athghlactha isteach ó na trí ospidéal go léir i rith 2011:

- Mater ó 8.44% i 2010 go dtí 12.1% i 2011
- Beaumont ó 11.44% go dtí 16.6%
- O. Uí Chonghaile ó 31.8% go dtí 40%

Tharla an méadú seo go páirteach mar gheall ar chastacht mhéadaithe riochtaí sláinte na n-othar.

Ní féidir leis an tseirbhís cúraim eatramhaigh seo oibriú go réidh ach le comhoibriú ár gcomhghleacaithe sna hospidéil atreoraithe agus trí chaidreamh macánta agus iontaofa le baill uile na foirne ildisciplíní. Ar mhaithe le rath an tsocraithe seo, tá sé ríthábhachtach go nglacann na hospidéil atreoraithe na hothair isteach arís ar bhealach dlúsúil nuair atá gá le cúram leighis breise. Tá sé tábhachtach go bhfuil ionchas réalaíoch ann go mbainfidh na hothair a bhíonn á n-atreorú leas as na seirbhísí a sholáthraímid agus gur féidir iad a scaoileadh abhaile go sábháilte.

An tSéiplíneacht

Admhaíonn lucht Riarachán Altranais obair na foirne séiplíneachta go buíoch. Chuir an tAth. Michael Hastings, an tOir. Elaine Dunne agus an tOir. Susan Dawson tacaíocht spioradálta agus thréadach ar fáil do na hothair. Tháinig an tUas. Miriam Mowlan isteach san fhoireann séiplíneachta i rith 2011 agus cuirimid fáilte roimpi go dtí an t-ospidéal.

Bhíomar thar a bheith buíoch de na ministrí Eocairisteacha chomh maith, dream a bhí ag tabhairt Comaoineach Naofa do na hothair go deonach roinnt uaireanta in aghaidh na seachtaine.

Bhí an tSiúr Carmel Downes ag obair mar shéiplíneach an ospidéil ar feadh cuid mhaith blianta agus chuaigh sí ar scor i 2011. Is bean thiomanta í a roinn a cuid ama agus scileanna ar na daoine san ospidéal go ciúin agus go neamhphostúil. Ba mhaith leis an Rannóg Altranais sláinte mhaith agus sonas a ghuí uirthi le linn di a bheith ar scor.

Conclúid

Is é an misean dearbhaithe atá againn ná **"ardchaighdeán cúraim agus cóireála a sholáthar do na hothair go léir a bhíonn á n-atreorú chuig an ospidéal, le cur ar a gcumas an caighdeán sláinte agus maireachtála neamhspleáiche is fearr a bhaint amach"**.

Tá an Rannóg Altranais buíoch go fóill as tiomantas agus gáirmiúlacht na foirne go léir, a leanann de sheirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar d'othair an Ospidéil Ortaipéidigh Ionchorpraithe.

Lorna Nangle
An Stiúrthóir Altranais

TUARASCÁIL NA RANNÓIGE CÓGAISÍOCHTA

Is í an aidhm fhoriomlán atá againn ná úsáid shábháilte, éifeachtach agus bharainneach leigheasanna a chinntiú dár n-othair go léir. Spreagtar caidreamh dlúth oibre leis an bhfoireann leighis, altranais agus pharaimhíochaine, chun soláthar seirbhís chógaisíochta den chéad scoth a chinntiú do na hothair go léir.

Na seirbhísí a sholáthraítear:

Íoclann

Tá ról lárnach ag ár seirbhís íoclainne i ngníomhaíochtaí na Cógaslainne agus cinntíonn sí go bhfaightear, go stóráiltear agus go soláthraítear na leigheasanna go pras, go sábháilte agus go costéifeachtach. Faightear drugaí trí orduithe a dhéantar leis na mórdhíoltóirí áitiúla agus na comhlachtaí drugaí in Éirinn agus thar lear. Ceannaíonn, soláthraíonn agus dáileann an Rannóg Cógaisíochta leigheasanna le haghaidh na mbardaí. Cuimsíonn sé seo idirbheartaíocht ar na praghsanna is fearr agus cur chun cinn gníomhach úsáid na ndrugaí cineálacha ar mhaithe le coigilteas costais a chinntiú. Cuirtear seirbhís seachadta dhá uair in aghaidh an lae ar fáil do na bardaí agus déanann foireann na Cógaslainne stoc cuimsitheach barda a 'bhreisiú' dhá uair in aghaidh na seachtaine.

Cúrsaí Cliniciúla

Tá athrú mór tar éis teacht ar ról an chógaiseora ospidéil le deich mbliana anuas, ó choimeádaí cógaisíochta go soláthraí cúram sláinte atá dírithe ar na hothair. Tá sé seo á léiriú i bhforbairt na seirbhísí cógaisíochta cliniciúla. Tá sé mar aidhm ag an rannóg cógaisíochta uasmhéadú a dhéanamh ar thairbhí teiripeacha na ndrugaí d'othair ar leith, fad is a íoslaghdaítear na rioscaí gaolmhara agus a léirítear meas ar rogha na n-othar.

Cuimsíonn dualgais chliniciúla athbhreithniú oideas / kardex agus monatóireacht ar fhrithghníomhartha díobhálacha in aghaidh drugaí, taobh istigh de shrianta ama na Cógaslainne. Chuige seo, thugamar isteach foirm nua i mí Lúil le haghaidh Tuairisciú Teagmhas Leighis (TTL) ar a ndéantar teagmhais leighis, neasteagmhais agus eachtraí díobháchalacha a thuairisciú

Is féidir feabhsuithe ar shábháilteacht na n-othar agus caighdeán an chúraim a éascú, trí thuairisciú teagmhas agus bailiú sonraí caighdeánaithe faoi theagmhais agus neasteagmhais. Agus sonraí a bailíodh á n-úsáid, is féidir linn na fachtóirí is cúis le teagmhais leighis agus neasteagmhais a dheimhniú agus straitéisí coisctheacha a bhunú chun an riosca atarlaithe a íoslaghdú. Is féidir le foirmeacha TTL a bheith comhlánaithe ag ball foirne ar bith.

Maoirseacht Antaibheathach

Forbraíodh ár dtreoirlínte antaibheathach i gcomhréir leis an straitéis um rialú na frithsheasmhachta frithmhiocróbaí in Éirinn (SFFÉ). Is fachtóirí móra iad dáileoga atá róbheag, cúrsaí iolracha, fad iomarcach teiripe antaibheathach agus ró-úsáid antaibheathaigh speictrim leathain i scaipeadh na frithsheasmhachta antaibheathach i suíomhanna cúram sláinte. Spreagtar forordú stuama antaibheathach i gcónaí.

Eolas Leighis agus Iniúchóireacht

Soláthraíonn an Chógaslann eolas ar leigheasanna atá cruinn agus cuimsitheach don fhoireann leighis, altranais agus paraimhíochaine go léir. Bímid ar fáil chomh maith le comhairle a chur ar othair faoi chaitheamh leigheasanna chomh maith. Déantar iniúchóireacht ar fhorordú antaibheathach agus athbhreithniú Kardex go tréimhsiúil agus soláthraítear eolas buiséadach don Rannóg Airgeadais agus lucht bainistíochta an Ospidéil.

Oideachas Leanúnach

D'fhreastail Niamh ar an gcomhdháil agus an taispeántas Eorpach TTFOS (teiripe tuismitheoirí frithmhiocróbach d'othair sheachtracha) i mí an Mhárta i Manchain. Thug sé seo deis di bualadh le, agus líonrú a dhéanamh le daoine gairmiúla leighis atá páirteach i soláthar seirbhísí frithmhiocróbacha. Ar na cainteanna a bhí i gceist, bhí 'múnlaí cúraim TTFOS', 'céard iad na hoibreáin ídéalacha TTFOS; agus 'Ionfhabhtú ortaipéideach agus TTFOS'

Ar na hócáidí FLG eile ar freastalaíodh orthu, bhí comhdháil bhliantúil dhá lá na gCógaiseoirí Ospidéil, seisiún LÉOLC (ICCPE) ar dhiaibéiteas agus teipeadh croí agus tugadh eolas nua dúinn faoi láimhsiú.

An fhoireann cógaisíochta

Linda Murnane
Príomhchógaiseoir

Niamh Ruane
Cógaiseoir Sinsearach

Is mian leis an Rannóg Fisiteiripe: Seirbhís den chaighdeán is airde a bhunú, rud atá tuisceanach ar riachtanais an duine aonair, an ospidéil agus an phobail, agus a éilíonn leibhéal saineolais agus scileanna ar an bhfoireann atá de réir na gcaighdeán is airde sa ghairm. Timpeallacht a chruthú a chothaíonn agus a spreagann spiorad fiosrúcháin agus anailíse, agus a chruthaíonn seirbhís atá dinimiciúil, éifeachtach agus cuí. Othair a chumasú leis an gcaighdeán beatha is airde a bhaint amach, faoi réir a riocht sláinte féin, trí oideachas agus trí rannpháirtíocht na n-othar i mbainistíocht cúraim a spreagadh, agus trí chinntiú go gcuimsíonn foirmliú pleananna cúraim fachtóirí sóisialta agus timpeallachta araon Cur chun cinn agus tacú le forbairt, oideachas agus taighde leanúnach gairmiúil.

Mic Léinn

D'éascaíomar iarratas ó Scoil Eolaíochtaí Sláinte Choláiste na Tríonóide ar ár n-acmhainn a dhúbailt do shocrúcháin mic léinn fochéime fisiteiripe an cheathrú bliain, amhail ó Eanáir 2012. Fuaireamar amach gur bhain na mic léinn tairbhe as foghlaim phiarchuidithe, tacaíocht fhrithpháirteach agus compánachas. Ghlac na fisiteiripeoirí maoirseacha páirt mar scrúdaitheoirí in dhá scrúdú dheireanacha measúnaithe othar a raibh 15% de dhámhachtain deiridh na céime ag baint leo.

D'fhreastail Ger Gill, fisiteiripeoir grád foirne ar an lá bliantúil stáidéir d'oideoirí cleachtais a bhí ar siúl i COBÁC i mBealtaine dar teideal 'Pleanáil le haghaidh Oideachas Cleachtais: – Cumasú Smaointeoireachta Criticiúla sa Chleachtadh'.

Thug Coláiste na Tríonóide cuireadh dár bhfisiteiripeoirí sinsearacha a bheith ag léachtóireacht mar chuid den mhodúl ortaipéideach de chúrsa na céime fisiteiripe, agus rinne Paul Navin an méid sin i mí Dheireadh Fómhair.

Ar an drochuair, tharla sé arís i mbliana go raibh ganntanas post d'fhisiteiripeoirí ar fud na tíre, go háirithe mar gheall ar an monatóir leanúnach ar earcaíocht. Chiallaigh sé seo go raibh sruth leanúnach iarratas á fháil againn ó fhisiteiripeoirí a cháiligh le déanaí, agus iad ar lorg deise chun a scileanna fisiteiripe a choinneáil, trí obair a dhéanamh go deonach faoi mhaoirseacht agus treoir na bhfisiteiripeoirí anseo. B'áthas linn Caroline Daly, Clodagh Dack agus Michelle O'Meara a bhí ag taisteal ó Chorcaigh gach seachtain a éascú lena aghaidh sin.

Fuair Caroline post san fhoireann fisiteiripe anseo nuair a bhí folúntas fostaíochta ar fáil ag deireadh na bliana agus tairgeadh post fisiteiripe do Clodagh i gCrois Araild tar éis di taithí oibre a fháil anseo.

Leanamar de líon beag socrúcháin taithí oibre a éascú chomh maith do dhaltaí idirbhliana agus do mhic léinn fochéime féideartha i rith na bliana agus bhí áthas orainn a chloisteáil gur glacadh le Lauren Kelly, bean a fuair taithí oibre dhá sheachtain uainn, le haghaidh an Chúrsa Mháistreachta ar fhisiteiripe in Ollscoil Queensland agus gur glacadh le beirt mhac léinn lánfhásta eile a tháinig chugainn chun taithí oibre agus tagairtí cliniciúla a fháil chomh maith ar chúrsa céime fisiteiripe COBÁC agus an clár Máistreachta Fisiteiripe in Ollscoil Robert Gordon.

TUARASCÁIL *leantach na* RANNÓIGE FISITEIRIPE

Leanúint d'Fhorbairt Ghairmiúil

D'fhreastail Claire Fagan, Fisiteiripeoir Sinsearach, ar Lá Oiliúna agus Oideachais Ortótaigh ildisciplíneach IDS agus CRMÉ (RCSI) in Ospidéal na Ceapaí in Eanáir.

Chuir grúpa líonra na n-othar cónaitheach ortaipéideach 3 lá staidéir agus cruinnithe ar siúl i rith na bliana, sular athraigh siad ina ngrúpa sainleasa de Chumann Fisiteiripeoirí na hÉireann, darb ainm Grúpa na bhFisiteiripeoirí Cairte san Ortaipéidic (FCO). Bhí ionadaíocht ag Rannóg Fisiteiripe Ospidéal Chluain Tarbh ag na trí chruinniú go léir agus chuidigh siad leis an bpróiseas a bhaineann le hathrú go grúpa sainleasa.

Cruinniú mhí Feabhra – Ospidéal San Séamas, An tUas. Johnny Mc Kenna, Máinlia Ortaipéideach Comhairleach, a bhí mar chainteoir. Ábhar *"Gortuithe Teannán Aichill"*

Cruinniú mhí na Bealtaine – Clinic na Carraige Duibhe, An tUas. Stefan Byrne, Máinlia Ortaipéideach Comhairleach, a bhí mar chainteoir. Ábhar *"Máinliacht Athchurtha Cromáin Iomláin – nuashonrú"*

D'fhreastail an fhoireann fisiteiripe ar sheimineár oideachais chomh maith le haghaidh Fisiteiripeoirí, rud a bhí ar siúl i gClinic Beacon i mí Aibreáin. Ba iad na cainteoirí agus na hábhair ná:

- An tUas. Séamus Morris, Máinlia Ortaipéideach Comhairleach "*An Dromlach Ceirbheacsach"*
- An tUas. Marcus Timlin, Máinlia Ortaipéideach Comhairleach *"Fréamhánphaite agus 'Radiculopathy' Ceirbheacsach"*
- An tUas. Joe Sparkes, Máinlia Ortaipéideach Comhairleach: *"Ionchlannáin Idirspíonacha: Cén uair, Cá háit, Cén chaoi?"*

Leanamar dár seisiúin sheachtainiúla oideachais inseirbhíse san ospidéal agus bhí áthas orainn Michelle Fitzgerald, fisiteiripeoir sinsearach i máinliacht roghnach ortaipéideach in Ospidéal Thamhlachta, a bheith ag cur i láthair dúinn ar fhrámaí Ilizarov i mí na Samhna.

Ionadaíocht an Ospidéil

Lean Gráinne O'Hara, Bainisteoir Fisiteiripe, de fhreastal ar chruinnithe gnó agus laethanta staidéir ráithiúla Ghrúpa na bhFisiteiripeoirí Cairte sa Bhainistíocht (FCB). Lean Gráinne ar aghaidh chomh maith mar bhall gníomhach den PCCC agus den ghrúpa Bainisteoirí Fisiteiripe Ospidéal Deonach, dream a thagann le chéile in Ospidéil Chrois Arailt, na Ceapaí, Naomh Lúcás agus Stewarts agus san Ospidéal Ríoga i nDomhnach Broc i rith na bliana.

D'éirigh Gráinne as an bhFochoiste um Iarratais ón Iasacht i mí Iúil, tar éis di fónamh ar an gcoiste ar feadh níos mó ná 5 bliana.

D'fhreastail Gráinne ar chomhdháil ag deireadh Mheán Fómhair a bhí á cur i láthair ag FCB do bhainisteoirí cúram sláinte. Bhí cur i láthair déanta ag an gComhdháil dar teideal *"Ó Straitéis go Gníomhú - dúshláin roimh an mbainisteoir gairmiúil cúram sláinte"* ag Róisín Shorthall, an tAire Sláinte ar a bhfuil freagracht as Cúram Príomhúil, cathaoirleach agus stiúrthóir réigiúnach FSS -Frank Dolphin agus Stephen Mulvaney, Emma Benton, Comhairleoir Teiripe agus Paul Rafferty, Bainisteoir Clár le haghaidh Straitéis agus Cláir Chliniciúla (an Roinn Sláinte agus Leanaí) agus ag Ollamh Astrálach, an Dr. Rosalie Boyce, bean atá aitheanta go hidirnáisiúnta as a saineolas ar bhainistíocht agus eagrú na ngairmeacha sláinte gaolmhara.

Rinne Gráinne O'Hara agus an tUas. Lorna Nangle ionadaíocht ar son an Ospidéil sa mheitheal cúraim eatramhaigh, in éineacht le hionadaithe ó FSS agus ó Ospidéil Beaumont agus Mater araon.

Ceangail idir ospidéil

Rinne an tOspidéal Ríoga, Domhnach Broc (ORDB), teagmháil linn i mí Mheán Fómhair. Mar thoradh ar athrú ar a bpróifíl othar, bhí méadú ag teacht ar líon na n-othar ortaipéideach a bhí ag teacht chucu ó Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann, agus bhí suim acu in oideachas maidir le bainistíocht na n-othar céanna. Tháinig na fisiteiripeoirí agus na teiripeoirí saothair ón Ospidéal Ríoga go dtí Cluain Tarbh Dé hAoine 30 Meán Fómhair le haghaidh cur i láthair lae a bhí á dhéanamh ag Aileen Murray, Teiripeoir Saothair Sinsearach agus ag Claire Fagan, Sonia Gamble agus Paul Navan, triúr atá ina bhFisiteoirpeoirí Sinsearacha. Thug an ORD le fios gur mheas siad gur mhór an tairbhe é an seisiún agus rinne siad tairiscint an gar seo a chúiteamh linn amach anseo, más féidir.

Dúshláin i rith 2012

Táimid ag súil le leanúint dár n-ionchur a mhéadú go dtí pacáiste Bainistíochta Sonraí agus Staidrimh ADT, ach táimid ag súil leis go mbeidh sé ina dhúshlán go fóill am saor a fháil ó dhualgais chliniciúla phraiticiúla agus teacht ar ríomhairí agus spás oifige don fhoireann fisiteiripe.

Chomh maith leis sin, tá sé mar aidhm againn ár n-eolas a leathnú ar bhainistíocht fisiteiripe ar riochtaí sláinte cardairiospráideacha agus néareolaíocha atá á léiriú ag ár n-othair cúraim eatramhaigh dúinn, trí theagmháil a dhéanamh le hospidéil atreoraithe, trínár gcoistí agus grúpaí sainleasa éagsúla, agus trí líonrú a dhéanamh le speisialtóirí sa réimse seo a bhféadfadh suim a bheith acu cur i láthair a dhéanamh dúinn. Leanfaimid chomh maith de nuashonrú a dhéanamh ar ár n-eolas matánchnámharlaigh, trínár gceangail leis na hospidéil atreoraithe agus na fisiteiripeoirí cairte sa ghrúpa ortaipéidice.

Táthar ag súil leis go mbeidh castacht agus spleáchas méadaitheach na n-othar a thabharfar isteach san ospidéal ina ndúshlán go fóill chomh maith, go háirithe nuair a bheidh srianta buiséid agus foirne dosheachanta i bhfeidhm. Leanfaimid de bheith ag obair go dlúth leis na hothair isteach agus lenár gcomhghleacaithe sna hospidéil bhainteacha, chun an t-eolas réamh-iontrála is cruinne is féidir a fháil ar chliaint a atreoraítear chuig an tseirbhís, d'fhonn úsáid a bhaint as ár n-acmhainní go cuí.

Buíochas

Ba mhaith linn an deis seo a thapú le buíochas a ghabháil lenár gcomhghleacaithe sna rannóga go léir ar fud an ospidéil as a dtacaíocht agus comhairle leanúnach.

Anuas air sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach uile dhuine de na fisiteiripeoirí as a dtiomantas, a solúbthacht agus a n-obair foirne i rith na bliana – na fisiteiripeoirí sinsearacha Vicky Mc Mahon, Pauline Sheeran, Sonia Gamble, Gráinne Duffin, Claire Fagan agus Paul Navin, agus leis na fisiteiripeoirí grád foirne Ger Gill, Lisa Conlon, Diane O'Gorman, Christi Brady, Orlagh O'Shea agus Caroline Daly.

Gráinne O'Hara
An Bainisteoir Fisiteiripe

> *Is tús é teacht le chéile. Dul chun cinn is ea coinneáil le chéile. Rath is ea obair le chéile.*
> ~ Henry Ford

TUARASCÁIL NA
RANNÓIGE LÓNADÓIREACHTA

Lean an Rannóg Lónadóireachta de sheirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar do na hothair, cuairteoirí agus foireann go léir den Ospidéal Ortaipéideach Ionchorpraithe i rith 2011. Tá riachtanais aiste bhia uile na n-othar mar thosaíocht, le béim ar éagsúlacht béilí a sholáthar le bia ardchaighdeáin. Soláthraítear béilí céiliacha, diaibéiteacha, duánacha, ardphróitéine agus ar bheagán salainn chomh maith.

Lean an fhoireann lónadóireachta go léir a bhí páirteach i ndáileadh bia de bheith faoi oiliúint ar shláinteachas lámh agus sábháilteacht bia i rith 2011.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann na Rannóige Lónadóireachta as seirbhís ar chóir a bheith an-bhródúil aisti.

Marie O'Gorman
An Bainisteoir Lónadóireachta

TUARASCÁIL NA
RANNÓIGE SEIRBHÍSÍ GINEARÁLTA

Leanann an Fhoireann Póirtéireachta agus Bainistí dá ról tábhachtach i soláthar cúram agus seirbhís othar do na rannóga ospidéil eile.

Ba bhliain eile an-ghnóthach í 2011 inár stórais lárnacha agus méadú tagtha ar riachtanais na n-othar. Cuireadh stoic de réimse riachtanas níos leithne ar fáil agus ligeann an feabhsú ar shocrú na bhforéileamh seachtainiúil barda do chur chuige níos éifeachtúla agus níos pleanáilte a bheith i gceist maidir le bainistíocht stoic, stóráil agus ceannach earraí.

Táimid ag súil le rialú stoic ríomhairithe a bheith curtha i bhfeidhm i rith 2012.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann póirtéireachta agus bainistí go léir as a n-obair dhian agus comhoibriú cuidiúil i rith na bliana.

Jorge Periera
An tOifigeach Seirbhísí Ginearálta

Tá dhá Phost lán-aimseartha Shinsearacha Oibre Sóisialta sa Rannóg Obair Shóisialta Leighis; Imelda Morris agus Carol O'Connor, in éineacht le dhá Phost lán-aimseartha Oibre Sóisialta de Ghrád Bunúsach; Cathy Neagh agus Deirdre McLoughlin.

Is iad na seirbhísí a sholáthraíonn an Rannóg Obair Shóisialta Leighis ná:

- Measúnú síceasóisialta.
- Pleanáil Cúraim / Pleanáil Scaoilte Amach i gcomhar leis an bhfoireann ildisciplíneach.
- Comhairleoireacht Aonair/tacaíocht mhothúchánach tar éis méala, tráma, spreagadh struis mar gheall ar athrú saoil.
- Mí-úsáid seanóirí, foréigean baile, obair idirghabhála géarchéime.
- Teagmháil le seirbhísí/tacaí pobail ar son na n-othar agus a dteaghlach araon.
- Éascú Cruinnithe Teaghlaigh / Comhdhálacha Cásanna,
- Cuairteanna Baile i gcomhar leis an Rannóg Teiripe Shaothair.
- Obair abhcóideachta i gcomhréir leis an gcód eitice oibre sóisialta.
- Eolas agus comhairle ar Leas Sóisialach

Atreorú Oibre Sóisialta.

Ba bhliain thar a bheith gnóthach í 2011 sa Rannóg Obair Shóisialta Leighis agus tuairim is **1,499** othar nua á n-atreorú chuig agus á measúnú ag an bhfoireann. Tugann sé seo méadú suntasach ó **1,155** atreorú i 2010 le fios agus léiríonn sé méid na hoibre ar a bhfuil an Rannóg Obair Shóisialta Leighis ag díriú. Seans go bhfuil sé seo i gceist mar gheall ar athrú tapa na n-othar san ospidéal agus riachtanais shíceasóisialta chasta mhéadaitheacha na n-othar. Tá laghdú mór déanta chomh maith ar bhuiséid na ngníomhaireachtaí cúnamh baile agus bhí méadú ar an ngá a bhí le feidhmiú pacáistí cúram baile fada mar gheall air seo.

Leanann an Rannóg Obair Shóisialta Leighis de fhreastal ar, agus tosaíocht a dhéanamh de chruinniú seachtainiúil ildisciplíneach barda i mBardaí Vernon, Kincora, Gracefield agus Swan. Déantar an chuid is mó den atreorú ag na cruinnithe foirne ildisciplíní ar gach barda. Tá cead ag baill na foirne ildisciplíní plé a dhéanamh chomh maith ar atreorú féideartha leis an oibrí sóisialta leithdháilte taobh amuigh den chruinniú. Tá na hothair i dteideal féin-atreorú a dhéanamh chomh maith. Déanann oibrithe sóisialta leighis a ndícheall othair nua isteach a sheiceáil go laethúil, ós rud gur minic go mbíonn idirghabháil luath riachtanach i gcás na nOthar Cúraim Eatramhaigh go háirithe.

Ceangail leis an bPobal

Lean an Rannóg Oibre Sóisialta dá n-ionadaíocht ar dhá cheann de na ceithre phríomhlíonra cúraim a thagann le chéile ceithre huaire in aghaidh na bliana, i Limistéar Cúram Pobail 7.

Lean Imelda Morris de fhreastal ar chruinnithe míosúla an Ghrúpa Sainleasa ar Dhul in Aois (GSDA) i gCumann Oibre Sóisialta na hÉireann.

Clárú Oibre Sóisialta

Ar 31 Bealtaine 2011, d'oscail an Bord um Chlárú Oibrithe Sóisialta an Clár Oibrithe Sóisialta. Ba é seo an chéad chéim de rialú na n-oibrithe sóisialta mar ghairm. Ós rud é go bhfuil baill uile na rannóige ina n-oibrithe sóisialta cleachtacha faoi láthair a bhfuil cáilíochtaí CNOS (NQSW) acu, tá suas le dhá bhliain againn chun clárú. Beidh ar gach oibrí sóisialta a bheith cláraithe faoi 31 Bealtaine 2013. Tá impleachtaí ag baint leis seo chomh maith le haghaidh forbairt leanúnach ghairmiúil, ós rud é go mbeidh ar oibrithe sóisialta fianaise a thabhairt ar phointí FLG a bhaintear amach gach bliain.

Forbairt Leanúnach Ghairmiúil

Tá an Rannóg Obair Shóisialta Leighis tiomanta d'fhorbairt leanúnach ghairmiúil agus oideachas leantach. D'fhreastail an fhoireann ar roinnt seimineáir eolais, comhdhálacha agus cúrsaí taobh amuigh de na huaireanta oibre ar mhaithe le cur le, agus feabhsú a dhéanamh ar ár seirbhís:

- Chríochnaigh an Rannóg Obair Shóisialta Leighis go léir Cuid CCM (AHA) de 'AED Heartsaver', chomh maith le cúrsa intí ar láimhsiú agus oiliúint dóiteáin i rith 2011.
- Chuir FSS, an tIonad Náisiúnta um Chosaint Seanóirí, agus an Líonra Idirnáisiúnta um Chosc ar Mhí-úsáid Seanóirí, chuir siad comhdháil i láthair i Meitheamh 2011 i COBÁC (UCD). Bhí Cathy Neagh agus Deirdre McLoughlin i láthair ag an ócáid seo.
- Rinne an Rannóg Obair Shóisialta Leighis socrú i nDeireadh Fómhair chun clár "Mí-úsáid Seanóirí 'Oil an tOiliúnóir'" a chur i láthair. Rinne Marie Currie agus Marcella Pokorna, Oibrithe Sinsearacha Cásanna Leithleacha um Chosaint Seanóirí, rinne siad an cur i láthair don rannóg agus do pháirtithe leasmhara eile san ospidéal. Fuair gach duine a d'fhreastail air teastas.
- D'fhreastail Imelda Morris ar chomhdháil bhliantúil COSÉ (IASW) in Óstán an Gresham. D'fhreastail Cathy Neagh agus Imelda Morris ar an gcaint ar Shaoráil Faisnéise a bhí á cur i láthair ag COSÉ chomh maith i mí Mheán Fómhair.
- D'fhreastail an Rannóg Obair Shóisialta Leighis ar sheimineár oiliúna leathlae in Ospidéal Beaumont chun muid a chur ar an eolas faoin bpacáiste cúram baile athmheasta agus feidhmiú CSARS.
- Chríochnaigh Carol O'Connor a Máistreacht san Fhisiteiripe i mí Lúnasa ag ICD agus tá sí ag obair i dtreo creidiúnú ó CCFÉ (IACP), rud a neartóidh an tseirbhís chomhairleoireachta a bheidh ar tairiscint sa rannóg.
- Chuir Deirdre McLoughlin tús le MSc páirtaimseartha dhá bhliain sa Taighde Feidhmeach Sóisialta ag Coláiste na Tríonóide i mí Mheán Fómhair. Tá Deirdre á héascú ag an bhfoireann OSL agus lucht bainistíochta an ospidéil le freastal ar an gcúrsa gach Luan den bhliain acadúil.

Lá Idirnáisiúnta na NA le haghaidh Seanóirí

Bhí rath ar an Rannóg Obair Shóisialta Leighis don dara bliain as a chéile i reáchtáil lá gníomhaíochtaí d'othair sna bardaí go léir, ar mhaithe le ceiliúradh a dhéanamh ar *"Lá Idirnáisiúnta na NA do Sheanóirí"*. Tiomsaíodh €385 a bhuíochas ar fhéile mhór na foirne. Thug an tUasal Dermot Kirwan ó *"The Friends of the Elderly"* cuairt orthu chun roinnt eolais a thabhairt dúinn ar an tseirbhís agus le glacadh leis an deonachán airgid. Roghnaigh an Rannóg OSL 'Friends of the Elderly' mar thairbhí na bliana seo, ar mhaithe leis an tsár-obair a dhéanann siad do chuid mhaith dár n-othair a aithint. Is é an misean atá acu ná cairdeas a dhéanamh le seanóirí atá ina gcónaí ina n-aonar agus atá uaigneach agus scoite amach ó dhaoine eile.

D'eagraigh an Rannóg Obair Shóisialta Leighis tráth na gceist ar dhul in aois dearfach sna bardaí go léir agus bronnadh trófaithe ar na foirne buacacha. Thaitin sé seo go mór leis na hothair agus thacaigh an fhoireann i ngach barda leis. Anuas air sin, d'eagraigh an Rannóg OSL cuairt Chorn Mhig Uidhir ar othair agus foireann an ospidéil mar cheiliúradh ar lá na NA do sheanóirí agus bua stairiúil Bhaile Átha Cliath i gCraobh na hÉireann. Bhí sceitimíní ar chách mar thoradh air seo, chomh maith le cuid mhaith deiseanna chun grianghraif a ghlacadh. Gabhaimid buíochas ar leith leis an Uas. Pat Tyrell as an obair mhór a dhéanamh! agus le bord contae Bhaile Átha Cliath as muid a éascú ar gearrfhógra.

Socrúcháin Mac Léinn na Máistreachta ar Obair Shóisialta.

Tugadh socrúcháin do thriúr Mic Léinn Oibre Sóisialta ó COC (UCC) agus CTBÁC (TCD) i rith na bliana. Caitear leath den oiliúint ollscoile oibre sóisialta ar shocrúcháin do mhic léinn agus tá an rannóg tiomanta d'éascú na hoibre tábhachtaí seo. Chuir na mic léinn go mór leis an rannóg agus leis an ospidéal i rith na socrúchán ceithre seachtaine déag a rinne siad.

Bhí grúpa Píolótach Athchuimhne eagraithe agus éascaithe ag Siobhán Cregan (oibrí sóisialta mic léinn i COC) i mí Aibreáin i gcomhar le, agus faoi mhaoirseacht Carol O'Connor, Oibrí Sóisialta Sinsearach Leighis. Bhí an grúpa i láthair i mBarda Kincora agus ghlac na hothair go fonnmhar leo. Is uirlis í teiripe athchuimhne atá á húsáid ag an rannóg oibre sóisialta cheana in obair ar leith le hothair áirithe. Tá sí dírithe ar fhéinmheas agus léiriú féiniúlachta a chruthú. Spreagann sé seanóirí le bheith páirteach go gníomhach i dtabhairt chun cuimhne agus roinnt na haimsire caite a bhí acu le daoine eile.

Tá cuid mhaith tairbhí do sheanóirí a bhaineann le cuimhneamh, amhail:

- Méadú a dhéanamh ar an gcumas cumarsáid a dhéanamh agus féinléiriú a chleachtadh
- Méadú ar idirghníomhú sóisialta trí roinnt eispéiris
- Cabhrú le daoine glacadh le dul in aois
- Spreagadh a thabhairt do sheanóirí suim a bheith acu arís sna himeachtaí caithimh aimsire a bhí acu roimhe seo
- Méadú a dhéanamh ar fhéinluach agus braistint ghnóthachtála a chur ar fáil
- Dúlagar a mhaolú
- Féinchúram a fheabhsú

Rinne mac léinn oibre sóisialta eile ó CTBÁC darb ainm Jane Ngo Suirbhé ar Shástacht na nOthar, faoi mhaoirseacht Cathy Neagh, i mBarda Vernon, chun measúnú a dhéanamh ar bhuairt agus ullmhacht na n-othar maidir le filleadh abhaile. Ina dhiaidh seo, chuir Jane grúpa eolais ar siúl go seachtainiúil le díriú ar bhuairt agus strus na n-othar maidir le filleadh abhaile. Agus an deis acu éisteacht leis an gcaoi a raibh ag éirí le daoine eile pleanáil a dhéanamh le filleadh abhaile, fuair othair áirithe léargas maith, agus bhí deis ag na daoine a bhí ag insint a scéalta féin a gcás féin a chur in iúl. Nuair a coinníodh na hábhair simplí agus an seisiún faoi bhun fad uaire, bhí na hothair in ann go leor eolais a fháil le cabhrú leo a bheith ag smaoineamh ar an méid a bheadh i gceist le filleadh abhaile ón ospidéal.

Is cinnte gur mhór an tairbhe iad an dá ghrúpa do na hothair, ach caitheadh go leor dua agus ama orthu chomh maith. Bheadh gá le tacaíocht bhreise ó mhic léinn eile nó líon méadaithe foirne amach anseo chun iad a chur i bhfeidhm go lánaimseartha amach anseo. Ach chuir na múinteoirí cleachtais agus na mic léinn tús maith leis an obair agus d'fhéadfaimis cinneadh a dhéanamh leanúint ar aghaidh leo amach anseo.

Conclúid/ pleanáil amach anseo

- Tá sé mar aidhm againn beartais agus nósanna imeachta nach bhfuil críochnaithe a chomhdhlúthú agus a thabhairt chun críche i bhfoirm dréachtaí.
- Tá sé pleanáilte againn an uirlis mheasúnaithe shíceasóisialta atá againn faoi láthair a nuashonrú.
- Leanfaimid de cheangail láidre a chruthú lenár gcomhghleacaithe oibre sóisialta sa phobal agus in ospidéil ghéarmhíochaine eile.
- Le leanúint dár mbéim ar fhorbairt leanúnach ghairmiúil agus oideachas oibre sóisialta.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár bhfoireann oibre sóisialta as a dtiomantas i soláthar seirbhíse oibre sóisialta den chéad scoth d'othair an ospidéil. Chomh maith leis sin, ba mhaith linn buíochas a ghabháil le baill eile na foirne ildisciplíní as a dtacaíocht dár gcuid oibre, agus ar ndóigh, buíochas speisialta leis an Uasal Marie Towell as a tiomantas go léir i soláthar tacaíochta riaracháin don rannóg.

Carol O'Connor agus Imelda Morris
Oibrithe Sinsearacha Sóisialta Leighis

TUARASCÁIL NA

RANNÓIGE TEIRIPE SHAOTHAIR

Is é príomhsprioc na Teiripe Saothair ná cur ar chumas daoine a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí an tsaoil laethúil (Cónaidhm Dhomhanda na dTeiripeoirí Saothair, 2005). Bíonn Teiripeoirí Saothair ag iarraidh neamhspleáchas an othair a uasmhéadú i ngníomhaíochtaí roghnaithe den saol laethúil agus a dtimpeallacht a athrú pé áit ar gá, chun an méid seo a bhaint amach.

Forbairtí seirbhíse 2011

- Tugadh méadú suntasach ar atreorú faoi deara.
- Chuir críochnú na Cistine Teiripe Shaothair go mór leis an tseirbhís atá ar tairiscint d'othair agus iad in ann tascanna bunúsacha cistine a dhéanamh anois sula rachaidh siad abhaile. Anuas air sin, chuir sé leis an laghdú ar líon na gcuairteanna baile, trí ligean d'idirghabháil níos cuimsithí a bheith déanta fad is atá siad ina n-othair chónaitheacha go fóill.
- Chríochnaigh an bheirt Teiripeoirí Sinsearacha an Cúrsa Príomhúil ar phrionsabail agus cleachtais na Sábháilteachta Bia.
- Laghdaíodh líon na gcuairteanna baile chomh maith mar gheall ar chiorruithe airgeadais agus srianta ama na dteiripeoirí.
- Bhí Aileen páirteach ar choiste an Ghrúpa Chomhairligh ar Sheanóirí i gCumann Teiripeoirí Saothair na hÉireann (CTSÉ) mar oifigeach cumarsáide i rith 2011 agus leanfaidh sí den ról sin i rith 2012. San áireamh sa ról seo i rith 2011, bhí cabhrú le heagrú lá staidéir a bhí ar siúl sa Choláiste Ollscoile, Gaillimh, ar 24 Meitheamh 2011 agus earcú ball nua.
- Leanann an tUas. Vivienne Nelson, Bainisteoir TS in ospidéal Mater, de bheith ag feidhmiú mar mhaoirseoir gairmiúil le haghaidh na ngrád sinsearach.
- Cuireadh roinnt inseirbhísí ar siúl ar chur ar shuíochán agus faoiseamh ó bhrú le haghaidh cúntóirí cúram sláinte agus na foirne altranais.
- D'fhreastail an Rannóg TS ar roinnt inseirbhísí a bhí á gcur i láthair ag an Rannóg Fisiteiripe.
- D'eagraigh an Roinn caint i mBealtaine 2011 a bhí déanta ag oibrí acmhainní pobail darb ainm Fran Richardson, ó Chomhairle Náisiúnta na nDall, agus d'fhreastail foireann fisiteiripe agus oibre sóisialta uirthi seo chomh maith.
- Lean an Roinn d'oideachas mic léinn TS a éascú, trí shocrúcháin a sholáthar do thriúr mac léinn ag pointí difriúla dá n-oiliúint ghairmiúil.
- D'fhreastail Aileen ar Chomhdháil FSS ar Mhí-úsáid Seanóirí i Meitheamh 2011.
- Tabhairt isteach measúnaithe nua chognaíoch, Tástáil Leibhéil Chognaíoch Allen, le cur leis an measúnú a dhéantar sa rannóg cheana
- Bunaíodh grúpa coiscthe titime ar bhonn píolótach ó Fheabhra go hlúil 2012. Fuarthas aiseolas dearfach ina leith, ach níorbh fhéidir leanúint d'úsáid na cistine TS le haghaidh na ngrúpaí. Tugadh na ranganna isteach sna bardaí ina dhiaidh sin, ach níor leanadh díobh mar gheall ar ualaí móra obair cásanna a bheith ann.
- Chuir an rannóg inseirbhís i láthair ar ortaipéidic i gCluain Tarbh i gcomhar leis an rannóg fisiteiripe san Ospidéal Ríoga i nDomhnach Broc, ar 30 Meán Fómhair 2011.
- Chuir Aileen inseirbhís i láthair ar mheasúnú cognaíoch a úsáidtear sa rannóg, do na rannóga oibre sóisialta agus fisiteiripe.
- Bhuail Aileen agus Frank leis na Bainisteoirí Teiripe Shaothair Pobail atá bunaithe sna ceantair cúram pobail áitiúla arís ar thaobh thuaidh Bhaile Átha Cliath i bhFeabhra 2011 agus phléigh siad ceisteanna éiritheacha ar gá do na seirbhísí déileáil leo.
- Leanadh de na cruinnithe míosúla rannóige agus bhí siad ina bhfóram úsáideach le haghaidh plé agus athbhreithniú ar chleachtas.
- Leanadh de ghabháil d'oideachas agus taighde iarchéime nuair a chríochnaigh Frank an chéad bhliain dá Mháistreacht i gColáiste na Tríonóide.

Forbairtí seirbhíse 2012

- Éascú leanúnach oideachas mac léinn
- Cruinnithe leantacha rannóige ina mbíonn béim níos mó ar leanúint d'fhorbairt ghairmiúil.
- Leanúint de theagmháil le Teiripeoirí Saothair sna hospidéil atreoraithe agus le Teiripeoirí Saothair Pobail. Leanúint de mhonatóireacht ar fhorbairtí seirbhíse, lena n-áirítear tabhairt isteach limistéir seirbhíse comhtháite agus déileáil leis an dóchúlacht go mbeidh deacracht mhéadaitheach i gceist le trealamh atá riachtanach le haghaidh scaoileadh amach a fháil.

Go hachomair, ba mhaith leis an rannóg Teiripe Shaothair buíochas a ghabháil lenár gcomhghleacaithe san fhoireann ildhisciplíneach as a gcabhair agus a dtacaíocht leanúnach i rith na bliana.

Aileen Murray agus Frank D'Easaille
Teiripeoirí Saothair Sinsearacha

TUARASCÁIL NA
RANNÓIGE X-GHATHAITHE

Is iad na baill foirne atá sa rannóg x-ghathaithe ná an tUas. Martina Morrin, Raideolaí Comhairleach, An tUas. Gillian Rice, Radagrafaí Sinsearach agus an tUas. Ann Ryan, tacaíocht chléireachais. Soláthraíonn an rannóg seirbhísí raideolaíocha d'othair chónaitheacha agus sheachtracha araon.

Bíonn othair chónaitheacha á n-atreorú trí na foirne ortaipéideacha ó na hospidéil atreoraithe, nó trí dhochtúirí leighis an ospidéil, agus bíonn othair sheachtracha á n-atreorú ag Dochtúirí Ginearálta.

Ba bhliain ghnóthach í 2011 agus tháinig méadú foriomlán 16% ar an ngníomhaíocht, agus iomlán 35,917 gnáthamh x-ghathaithe á ndéanamh.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe an tUas. Martina Morrin agus an tUas. Ann Ryan as a dtacaíocht agus a gcúnamh i rith na bliana.

An tUas. Gillian Rice
Radagrafaí Sinsearach

TUARASCÁIL NA
RANNÓIGE SEIRBHÍSÍ LEIGHIS

Fanann na hothair a ghlactar isteach san ospidéal le haghaidh Athshlánú Ortaipéideach faoi chúram an Chomhairligh Ortaipéidigh sna hospidéil atreoraithe agus tugann an cláraitheoir ortaipéideach sna hospidéil atreoraithe cuairt sheachtainiúil orthu. Gabhaimid buíochas leo as a gcuairteanna i rith na bliana agus táimid ag súil lena bhfreastal leanúnach seachtainiúil.

Chomh luath is a ghlactar othair cúraim eatramhaigh isteach san ospidéal, scaoiltear amach iad ón ospidéal atreoraithe agus déanann dochtúirí an ospidéil freastal orthu. Is iad an Dr. Ailish Leavy agus an Dr. Elisabeth Kronlage na dochtúirí leighis freastail agus sholáthair siad cúram leighis laethúil do na hothair chónaitheacha go léir i rith 2011.

Táimid an-bhuíoch don bheirt dochtúirí seo as a gcion oibre.

AGUISÍN 1

TUARASCÁLACHA STAIDRIMH

AGUISÍN 2

TUARASCÁLACHA AIRGEADAIS

Othair Chónaitheacha	Ean	Feabh	Már	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lún	MF	DF	Samh	Nollaig	IOMLÁN	2010
Leapacha ar Fáil	128	128	128	128	128	128	128	128	128	128	128	128	**128**	128
Laethanta Leapa	3,968	3,584	3,968	3,840	3,968	3,840	3,968	3,968	3,840	3,968	3,840	3,968	**46,720**	41,888
Laethanta Leapa Úsáidte	3,609	3,412	3,614	3,522	3,784	3,706	3,810	3,806	3,511	3,728	3,651	3,519	**43,672**	37,803
% Áitíochta	91%	95%	91%	92%	95%	97%	96%	96%	91%	94%	95%	89%	**93%**	95%
Iomlán na nIontrálacha	174	150	178	194	190	210	196	206	205	178	191	169	**2,241**	1,909
X-Ghathú a Rinneadh	43	53	52	30	71	65	64	22	46	29	45	32	**552**	279
Atreorú Oibre Sóisialta - Nua	102	98	97	101	134	124	156	143	138	102	119	88	**1,402**	1,044
Atreorú Teiripe Shaothair - Nua	123	116	126	137	109	131	133	130	103	106	140	99	**1,453**	1,112
Cóireáil Fisiteiripe	2,568	2,603	2,890	2,636	2,805	2,769	2,790	2,968	2,705	2,594	2,841	2,331	**32,500**	28,820
Othair Sheachtracha														
X-Ghathú a Rinneadh	274	269	263	167	375	296	313	196	404	317	311	232	**3,417**	2,544

Tabhair faoi deara: Is é líon iomlán na leapacha ná 160 agus tá 128 leaba á n-úsáid faoi láthair.

Iontrálacha de réir Foinse	Ean	Feabh	Már	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lún	MF	DF	Samh	Nollaig	IOMLÁN
An Cheapach	13	12	14	13	17	30	19	19	19	20	19	19	214
Mater	14	14	10	13	8	12	12	11	12	10	10	10	136
Cúram Eatramhach Mater	44	35	38	37	41	43	39	42	43	40	41	43	486
Tamhlacht	9	9	9	16	11	17	17	17	22	20	23	25	195
Naomh Uinsean	4	4	12	10	10	8	10	6	4	6	9	7	90
Beaumont	14	5	12	12	13	12	14	7	10	5	14	6	124
Cúram Eatramhach Beaumont	37	34	39	42	40	37	42	57	51	36	34	23	472
San Séamas	11	14	7	8	15	11	11	18	11	10	14	11	141
Uí Chonghaile	4	4	10	3	8	9	3	5	7	6	6	2	67
Cúram Eatramhach Uí Chonghaile	1	1	0	2	2	0	0	0	1	0	2	0	9
Ospidéal Eile													
Ospidéal Eile - Clinic na Carraige Duibhe	3	1	3	3	1	4	6	0	0	1	0	0	22
Ospidéal Eile - Ospidéal Príobháideach Mater	1	1	2	0	0	2	0	1	1	2	1	0	11
Ospidéal Eile - Sliabh Chairmeil	0	1	0	1	2	0	0	2	2	1	1	1	11
Ospidéal Eile - Bon Secour	1	1	8	9	5	11	5	3	5	6	4	3	61
Ospidéal Eile - Ospidéal Príobháideach Naomh Uinseann	0	0	0	0	1	0	0	0	0	0	0	0	1
Ospidéal Eile - Faoiseamh	8	6	4	8	7	6	4	7	7	5	2	8	72
Ospidéal Eile - Páirc Mhuirlinne	0	0	2	1	0	0	0	0	0	0	2	0	5
Ospidéal Eile - Ospidéal Muire Lourdes	0	0	0	0	0	2	0	0	0	0	0	0	2
Ospidéal Eile	10	8	8	16	9	6	14	11	10	10	9	11	122
IOMLÁN	**174**	**150**	**178**	**194**	**190**	**210**	**196**	**206**	**205**	**178**	**191**	**169**	**2,241**

24 TUARASCÁIL INIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA

Tá iniúchadh déanta againn ar na ráitis airgeadais atá i gceangal leis seo agus a ullmhaíodh faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus é mionathraithe chun athluacháil sócmhainní seasta áirithe a chur san áireamh, agus faoi na beartais chuntasaíochta atá luaite.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus na nIniúchóirí faoi seach

Tá stiúrthóirí na cuideachta freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme agus an Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn, lena n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta atá eisithe ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta agus atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Tá an tuarascáil seo curtha i dtoll a chéile le haghaidh chomhaltaí na cuideachta mar chomhlacht amháin, i gcomhréir le hAlt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990. Tá ár n-obair iniúchóireachta déanta againn ionas gur féidir linn na nithe is éigean dúinn a dhearbhú do chomhaltaí na cuideachta a dhearbhú dóibh i dtuarascáil iniúchóra agus gan cuspóir ar bith eile i gceist. Chomh fada is atá ceadaithe de réir an dlí, ní ghlacaimid le freagracht do dhuine ar bith seachas an chuideachta agus comhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí atá meáite againn.

Tá sé mar fhreagracht orainn iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, i gcomhréir leis na riachtanais bhainteacha dhlíthiúla agus rialaitheacha agus na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (An RA agus Éire).

Tuairiscímid ár dtuairim duit ar cé acu an dtugann nó nach dtugann na ráitis airgeadais léargas ceart agus cóir, i gcomhréir leis an gCleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn, agus cé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh iad go cuí i gcomhréir le hAchtanna na gCuideachtaí, 1963 to 2009. Tuairiscímid ár dtuairim duit chomh maith maidir leis na nithe seo a leanas: cé acu ar choinnigh nó nár choinnigh an chuideachta leabhair chearta chuntais; agus cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an t-eolas atá tugtha i dtuarascáil na stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais. Luaimid cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an t-eolas agus na míniúcháin go léir atá riachtanach le haghaidh chuspóirí ár n-iniúchta faighte againn, agus cé acu an bhfuil nó nach bhfuil clár comhardaithe na cuideachta agus a cuntas ioncaim agus caiteachais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

Bunús Tuairime

Tá ár n-iniúchadh déanta againn i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (An RA agus Éire) atá eisithe ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta. Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais. Anuas air sin, tá measúnú san áireamh ar na meastacháin agus breithiúnais shuntasacha a rinne/thug na stiúrthóirí in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta cuí do dhálaí na cuideachta, curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochta go dóthanach.

Rinneamar ár n-iniúchadh a phleanáil agus a chur i gcrích chun an t-eolas agus na míniúcháin go léir a fháil a mheasamar a bheith riachtanach chun fianaise dhóthanach a sholáthar dúinn, ar mhaithe le cinnteacht réasúnta a chur ar fáil go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé mar gheall ar chalaois, nó mírialtacht nó earráid eile. Agus ár dtuairim á meá againn, rinneamar measúnú chomh maith ar leorgacht fhoriomlán léiriú an eolais sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Is é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas ceart agus cóir, i gcomhréir leis an gCleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn, ar staid ghnóthaí na cuideachta ar 31 Nollaig 2011 agus ar a barrachas le haghaidh na bliana a chríochnaigh ansin agus gur ullmhaíodh iad go cuí i gcomhréir le hAchtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2009.

Tá an t-eolas agus na míniúcháin go léir a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta faighte againn. Is é ár dtuairim gur choinnigh an chuideachta leabhair chearta chuntais. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim go bhfuil an t-eolas atá tugtha i dtuarascáil an chathaoirligh i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.

Ormsby & Rhodes
Cuntasóirí Cairte

Sleachta as Tuarascáil na nIniúchóirí le haghaidh na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2011.

Deimhním/deimhnímid go bhfuil ráitis airgeadais Ospidéal Ortaipéideach Ionchorpraithe na hÉireann le haghaidh na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2011, mar a leagadh amach anseo, go bhfuil siad i gcomhréir leis na leabhair chuntais agus gur dréachtaíodh iad i gcomhréir leis na cleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo agus na caighdeáin chuntasaíochta atá leagtha síos ag an Aire Sláinte agus Leanaí.

Tugann na ráitis airgeadais seo léargas ceart agus cóir ar staid ghnóthaí an ospidéil ar 31 Nollaig 2011 agus ar a ioncam, a chaiteachas agus a shreabhadh airgid le haghaidh na bliana a chríochnaigh ansin.

An tUas. Michelle Fanning
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

An Dr. Ciarán Craven
Cathaoirleach

AGUISÍN 2

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS NEAMHCHAIPITIÚIL

	An bhliain go dtí 31/12/2011	An bhliain go dtí 31/12/2010
Caiteachas ar phá	€	€
Riarachán	494,174	547,962
Caiteachas leighis agus dhéadacha*	88,879	121,723
Caiteachas altranais agus gaolmhar	4,736,496	4,254,370
Paraimhíochaine	989,447	870,232
Lónadóireacht agus bainistí**	1,162,894	1,104,873
Cothabháil	95,706	96,710
Pinsin	793,618	711,164
Cnapshuimeanna agus aiscí	183,152	387,838
ÁSPC	698,805	592,187
Pá comhlán iomlán	9,243,171	8,687,059
Caiteachas nár bhain le pá		
Drugaí agus leigheasanna	264,928	231,883
Fuil agus táirgí fola	-	-
Gáis leighis	14,375	13,687
Soláthairtí leighis agus máinliacha	117,828	109,090
Trealamh leighis	58,730	136,795
Soláthairtí trealamh leighis /conarthaí reatha	-	-
Trealamh x-ghathaithe	-	-
Soláthairtí x-ghathaithe / conarthaí reatha	50,794	33,337
Trealamh saotharlainne	-	-
Soláthairtí saotharlainne / conarthaí reatha	93,311	54,851
Trealamh lónadóireachta	(5,854)	15,302
Soláthairtí lónadóireachta / conarthaí reatha	280,150	290,618
Teas, cumhacht, solas	238,282	212,426
Trealamh níocháin	3550	(70)
Soláthairtí glantacháin agus níocháin / conarthaí reatha	398,171	369,751
Troscán, gréithe, crua-earraí	8,283	15,149
Leabú agus éadach	604	13,575
Trealamh cothabhála	2,906	2,059
Soláthairtí ábhair chothabhála / conarthaí reatha	56,230	346,037
Trealamh feirme agus gairdín	15,281	18,922
C/F	1,597,569	1,863,362

* Líne Nóta 2 (1) NCHD, Leigheas agus Déadach
(2) Comhchonradh, Leigheas agus Déadach

** Lónadóireacht agus Bainistí, le Póirtéirí san áireamh

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS NEAMHCHAIPITIÚIL

	An bhliain go dtí 31/12/2011	An bhliain go dtí 31/12/2010
Neamhphá (ar leanúint)	€	€
Conradh soláthairtí feirme ar	-	-
Cothú taistil	14,024	15,116
Iompar na n-othar	14,688	5,377
Feithiclí a ceannaíodh	-	-
Soláthairtí feithiclí / conarthaí reatha	-	-
Iasacht bhainc, aisíocaíocht chaipitil	-	-
Ús agus muirir bhainc	1,551	1,443
Costais árachais, iniúchóireachta agus dhlíthiúla	85,919	86,006
Trealamh oifige	-	-
Soláthairtí oifige/conarthaí reatha	86,400	81,516
Ríomhthrealamh	29,095	89,492
Soláthairtí ríomhaire/conarthaí reatha	60,501	21,665
Seirbhísí gairmiúla	187,203	138,165
Oiliúint foirne	30,359	2,929
Drochfhiacha	-	-
Coigeartú ar sholáthar		
Fiacha amhrasacha	(3,829)	54,799
Nithe Ilghnéitheacha	22,027	21,646
Caiteachas iomlán neamhphá	2,125,507	2,381,516
Caiteachas comhlán iomlán (10 + 48)	11,368,678	11,068,575
Ioncam		
Ioncam ó othair	3,390,951	2,534,222
Fáltais ceaintín	-	-
RTA (faltáis)	63,561	78,661
Asbhaint ó aoisliúntas párolla	759,814	714,411
Sochair phárolla / fáltais ceaintín	65,216	94,292
Muirir ar sheirbhísí do ghníomhaireachtaí seachtracha	-	-
Ioncam ó shiopaí, feirmeacha srl.	-	-
CSE (ESF) (fáltais, iarratas ioncaim)	-	-
Nithe Ilghnéitheacha	16,288	10,560
Ioncam iomlán	4,295,830	3,432,146
Glanchaiteachas iomlán (49-59)	7,072,848	7,636,429

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS CAIPITIÚIL

	An bhliain go dtí 31/12/2011	An bhliain go dtí 31/12/2010
Caiteachas*	€	€
Tionscadail (sonraigh):		
Forbairt ospidéil nua	208,519	483,668
Trealamh (sonraigh):		
Trealamh cistine	-	-
Trealamh fisiteiripe agus ospidéil	-	-
Trealamh oifige agus córas slándála	-	-
Feistí ilghnéitheacha – gineadóir	-	-
Deisiúcháin agus athchóiriú	-	-
Fuinneoga	-	-
Síleálacha	-	-
Nithe Eile (sonraigh):		
Caiteachas iomlán	(208,519)	(483,668)
Ioncam	-	-
Fáltais / (caillteanas) diúscartha	-	-
Fo-iomlán	-	-
Deontas caipitil (FSS)	365,502	512,247
Ioncam iomlán	365,502	512,247
Iarmhéid (neamhchistithe) / gan chaitheamh	156,983	28,579
Iarmhéid tugtha ar aghaidh ón mbliain roimhe sin	606,060	577,481
Iarmhéid carnach – (neamhchistithe) / gan chaitheamh	763,043	606,060

* Ba chóir go gcuimseodh an caiteachas éadálacha ó gach foinse maoiniúcháin, ach amháin Leithdháileadh Neamhchaipitiúil

Ospidéal Ortaipéideach Ionchorpaithe na hÉireann agus é ag oibriú mar Ospidéal Chluain Tarbh (amhail ó 29 Iúil 2011)
Ascaill an Chaisleáin, Cluain Tarbh, Baile Átha Cliath 3
teileafón 01 833 2521 **facs** 01 833 3181 **suíomh gréasáin** www.ioh.ie

design by **drawinginc**